An Torann Thuas Staighre

COLÁISTE CHROÍ MHUIRE, AN SPIDÉAL, CO. NA GAILLIMHE

16/04/2021

FIGHTING WORDS

The write to right.

Ábhar

An Torann Thuas Staighre

Scéal Anna

Scéal Chonnor

Scéal Eimear

Scéal Fhionn

Scéal Ghráinne

Scéal Jeaic

Scéal Khate

Scéal Louise

Scéal Mhairéad

Sceál Rebecca

Scéal Saise

Scéal Sophie

An Torann Thuas Staighre

Carachtar 1: an comharsan béal dorais, Bobby Mike, tá sé 40, fear beag, tá madra aige (Billy).

Carachtar 2: Mamaí Khate, is léi an teach, Bríd, bean chrosta, tá spéaclaí uirthi, gruaig ghearr dhonn, tá cat aici (Whiskers).

Bhí Bobby in ann an torann a chloisteáil ina theach féin. Torann ard. Chuaigh sé anonn go dtí teach Bhríd.

“Ceard é an torann sin?” a dúirt Bríd go crosta.

“An bhfuil aon duine sa mbaile?” a d’iarr Bobby.

“Tá na gasúir anseo.”

Bhí sé beagnach dorcha taobh amuigh. Dúirt Bríd leis na gasúir teacht isteach. Bhí na gasúir ag spraoi leis na breágáin taobh istigh.

Chuaigh Bobby le haghaidh an torann a sheiceáil amach. Chuaigh sé suas staighre, ach ní raibh sé in ann tada a fheiceáil. Nuair a chuaigh sé síos arís, bhí an torann fós ann. Chuaigh sé suas le haghaidh é a sheiceáil arís. **Arís, ní raibh tada ann...**

Scéal Anna

Chuaigh Bríd suas staighre le ficeáil céard a bhí Bobby Mike ag déanamh.

Bríd: A Bhobby, céard sa diabhal atá tú ag déanamh thuas anseo? An bhfuair tú amach céard a bhí sa torann sin?

Bobby Mike: Ní bhfuair, a Bhríd.

Bríd: Lig domsa feiceáil, tá sé soiléir nach bhfuil tusa in ann é a dhéanamh.

Sheiceáil Bríd an seomra ach ní raibh tada ann. An noiméad a d'fhág sí an seomra chuala siad é arís. Rith siad isteach sa seomra, tarraing siad siar na cuirtíní..... níor chreid siad é. Iníon Bobby Mike a bhí ann.

Bobby Mike: RÓISÍN! Céard atá tú ag déanamh anseo?

Tharraing sí amach an tubán uachtar reoite taobh thiar dá dhroim.

Thosaigh Bobby, Róisín agus Bríd ag gáire.

Nuair a chas siad timpeall bhí na gasúir eile ar fad taobh thiar dóibh agus iad ag ithe uachtar reoite le chéile.

Scéal Connor

....Chuaigh sé suas staighre ach ní raibh sé in ann tada a fheiceáil. Nuair a chuaigh sé síos staighre chuala sé an torann arís. Chuaigh sé suas arís ach ní raibh tada ann. Dúirt sé le Bríd nach raibh tada ann agus rinne sí tae dó. Bhí an torann fós le cloisteáil.

An seachtú huair a chuala siad é fuair Bríd cantalach agus chuaigh sí suas.

Deich nóiméad ina dhiaidh sin tháinig John, athair na ngasúr, abhaile.

“Cá bhfuil Bríd?” a d’fhiafraigh sé de Bhobby.

D’inis Bobby dó faoin torann agus go raibh Bríd thuas staighre.

“Ba cheart go mbeadh sí anuas nóiméad ar bith,” a dúirt sé agus ansin chuaigh sé abhaile.

Níor chodail sé néal ar chor ar bith an oíche sin agus chuaigh sé ar ais chuig teach Bhríd ag a seacht a chlog an mhaidin dár gcionn. Bhuail sé ar an doras ach ní raibh aon fhreagra ann. Bhuail sé arís ach fós ní raibh aon fhreagra. Bhí an doras oscailte agus

chuaigh sé isteach. Ní raibh aon duine ann ach bhí ann torann fós le cloisteáil. Bhí an triúr gasúr imithe freisin, an cúpla Mícheál agus Máire a bhí naoi mbliana agus a ndeirfiúr Áine a bhí trí bliana. Ag bun an staighre chonaic sé button seacláide ar an gcéim deiridh.

Bhí go leor acu ann. Lean sé iad agus thug siad chomh fad le seanteach gan díon é. Chuaigh sé isteach ann. Chuala sé torann aisteach ag teacht ó chófra mór. Shiúil sé suas chuige chomh ciúin le luch agus d'oscail sé é. Istigh ann bhí John, Bríd, an cúpla agus Áine, iad ceangailte suas. Chuala sé beirt ag caint sa seomra eile.

Scaoil sé amach an chlann agus dúirt sé leo a bheith ciúin. Ansin rinne sé torann beag d'aon turas agus nuair a tháinig na fir chun fáil amach céard a rinne an torann bhrúigh Bobby isteach sa gcófra iad agus ghlaoigh sé ar na gardaí.

Thóg na gardaí na fir. Is iad na fir a bhí ag déanamh an torainn sa teach. Is ag Áine a bhí na buttons agus cheap gach duine go raibh sí an-chliste ag fágáil na buttons taobh thiar go mbeadh duine éigin in ann iad a leanacht go dtí an seanteach.

“Maith thú,” arsa Máire léi nuair a bhí siad sa mbaile. “Céard a rinne mé?” a d’iarr Áine.

“D’fhag tú na buttons ar an úrlár nuair a bhí na fir do do thógáil ag an teach,” a d’fhreagair Mícheál.

“Níor fhág,” arsa Áine, “thit siad uaim gach uair a thriáil mé ceann a ithe agus faoin am a bhí muid ag an teach ní raibh aon cheann fágtha agam. An bhfuil cead agam paicéad eile?” a d’iarr sí.

Thosaigh gach duine ag gáire.

“Cinnte tá!” arsa John agus é ag gáire.

D’ith sí gach ceann an uair seo.

Scéal Eimear

Céard atá thuas staighre?

……Ansin thosaigh an torann ag fáil níos airde agu s níos airde.

Scread Bobby síos chuig Bríd, “Is ainmhí atá ann, táim cinnte.”

“Cén cineál ainmhí mar sin?” a dúirt Bríd leis .

AAHHHH!!

Thosaigh Bobby ag scréachaíl ó bharr a chuid scam-hóga…

… bang bang bang…bhí Bobby ag tit-
im síos an staighre .

“Bobby céard é féin? An bhfuil tú ceart go leor?”

“Nílim, tá rud éigin thuas an-
sin, a Bhríd……. rud beo!”

“Luichín b’fhéidir?” a deir Bríd.

“Tá sé mór, chonaic mé é,” a d’fhreagair Bobby.

D’imigh Bríd suas an staighre adhmaid go tapa ag ceapadh go raibh Bobby craiceáilte. Nu-
air a sheas sí ar an gcéim ag barr an staighre,

bhuail an faitíos í. Bhí scuab mór adh-
maid ina lámh aici. D'éirigh an to-
rann níos airde agus níos airde go dtí gur tho-
saigh rud

éigin ag tarraingt ar chos Bhríd.

Lig sí béic ard amach aisti. D'fhéach sí síos ……is
cat mór ramhar rua a bhí os a comhair.

Whiskers, cat Bhobby. Tar éis gach rud ch-
uaigh sé féin agus Whiskers abhaile .

Scéal Fionn

Nuair a tháinig Bobby Mike anuas dúirt sé nach raibh sé in ann tada a fheiceáil. Bhí imní an domhain ar na gasúir. Dúirt Bobby leo gan aon imní a bheith orthu agus dul isteach sa seomra suí leis na bréagáin. Nuair a d'imigh na páistí chuaigh Bobby suas staighre leis an scuab chistine agus bhreathnaigh sé thart timpeall na seomraí. Lean Bríd é suas staighre le barr an bhosca bruscair. Bhí sí ag bualadh an bhosca in aghaidh an bhalla chun scanradh a chur ar chibé céard a bhí thuas ann.

Chuala na páistí uilig an torann agus bhí faitíos orthu. Chuaigh siad i bhfolach faoin tolg. Chuaigh sí isteach sa seomra leapa agus chonaic sí fuinneog oscailte taobh thiar de na cuirtíní. Bhí Bríd ar buile le Bobby nár sheicéail sé an seomra leapa. Bhí náire an domhain ar Bhobby.

Scéal Gráinne

Chuaigh sé suas chun é a sheiceáil arís, ach fós ní raibh tada ann. Ansin go tobann chonaic sé rud bán ann agus rith sé amach an doras chomh sciobtha leis an ngaoth.

“Ahhhhhhhh!! Púca!!”…….. bhí scanradh a shaoil air. Ina dhiaidh sin, bhog siad agus fuair siad teach nua agus mhair siad uilig go sona sásta ón lá sin amach.

Scéal Jeaic

Joe Bocht

Bhí Tomás, Seán agus Séamus ag siúl cois na trá tráthnóna amháin, nuair a chuala siad torann ard.

“A Dhiabhail. Céard a bhí ansin?” a dúirt Seán.

“Níl a fhios agam. Cé as a dtáinig sé?” a dúirt Tomás. “Tháinig sé ó theach Joe Ó Conghaile. An bhfuil sibh ag iarraidh feiceáil céard a bhí ann?”

“Maith go leor.”

Shiúil an triúr go dtí gairdín Joe go ciúin, go mall ‘is go séimh. Nuair a shroich siad teach Joe, d’oscail siad an doras go mall agus scanraigh siad. Bhí an nathair nimhe, peata Joe tar éis plaic a bhaint as agus bhí sé sínte ar an urlár os a gcomhair. Níor ch-reid siad a bhfaca siad. Dhún siad an doras chomh sciobtha in Éirinn agus a bhí siad in ann agus ghlao-igh siad ar na gardaí. Faoin am a dtáinig na gardaí ann bhí Joe tar éis bás a fháil. Thóg na gardaí an na-thair nimhe agus d’imigh siad leo.

Scéal Kate

Chuaigh Bobby-Mike suas staighre arís ach an uair seo chonaic sé cat.

“Phewwwwwww” a dúirt Bobby-Mike.

Leag an cat lampa agus tharraing sé anuas na cuirtíní. Nuair a thit an cuirtín thug sé faoi deara go raibh doras eile ar an seomra, ceann a bhí i bhfolach taobh thiar den chuirtín. “Em-mmmmmmm .... BRÍD!” a scread Bobby-Mike, “an raibh doras i d’áiléair i gcónaí?,”

“Ní raibh!” a scread Bríd.

D’oscail Bobby an doras agus bhí seanfhear sa seomra beag a bhí taobh thiar de. Bhí cuma aisteach ar an bhfear - féasóg mhór fhada agus in-gne an-an-fhada. Chonaic Bobby go raibh dialann scríofa aige faoin torann thíos staighre.

“Aha, is sibhse atá ag déanamh an torainn thíos staighre,” a dúirt an fear.

“Ní hea, is tusa atá ag déanamh an torainn thuas staighre,” arsa Bobby-Mike.

Faoin am seo bhí Bríd thuas staighre agus iontas uirthi.

Scéal Louise

Chuaigh sé suas arís ach arís ní raibh tada ann. Cheap Bobby sa deireadh go raibh a in-
tinn ag imirt cluichí air. Ghlaoigh Bríd anu-
as ar Bhobby Mike ach ní bhfuair sí aon fhreagra.

Tamall gearr ina dhiaidh sin chuala sí an to-
rann arís. Bhí Bríd tinn tuirseach ag

éisteacht leis an torann agus ch-
uaigh sí féin suas staighre chun a fháil amach

céard a bhí ann. Bhí thuas staighre dubh dor-
cha anois. Ghlaoigh sí ar Bhobby Mike cúp-
la uair ach ní raibh dé ná deatach air.

Chonaic Bríd rud éicint ag siúl go sciobtha tras-
na an tseomra ach ní hé Bobby Mike a bhí ann. Is
Billy a bhí ann, madra Bhobby Mike.

Is cleas a bhí siad ag imirt ar Bhríd an t-am ar fad
. Amach as an gcófra mór le Bobby Mike agus mean-
gadh gáire ó chluas go cluas air.

Scéal Mairéad

Chuaigh sé suas staighre ach ní rai-
bh sé in ann tada a fheiceáil.Nuair a tháinig sé anu-
as arís bhí sé fós in ann an torann a chloisteáil ann.

Chuaigh sé suas ach ní raibh tada ann. Dúirt Bob-
by Mike le Bríd a theacht suas staighre go bhfeic-
feadh sé an raibh Bríd in ann tada a fheiceáil.

D'fhéach Bríd timpeall gach áit ach ní rai-
bh sí in ann tada a fheiceáil ach an oiread.
D'fhan siad píosa go fheicfeadh siad an ndéan-
fadh an rud seo an torann arís agus rinne.

As gceann de na seomraí codla-
ta a bhí an fhuaim seo ag teacht. Dúirt Bríd
leis na gasúir a theacht suas an staighre go cros-
ta agus cúnamh a thabhairt

dóibh an fhuaim aisteach seo a aimsiú.
Dhearg aghaidh Khate agus dúirt sí go rai-
bh sí ag dul isteach ina seomra.

Shíl Bríd go raibh sé aisteach an nóiméad a lu-
aigh sí an torann go ndeachaigh

Kate isteach ina seomra. Ch-
uaigh Bríd isteach i seomra Khate and chonaic sí

luichín bheag bhán ar an leaba agus to-
saigh sí ag tabhairt amach do Khate mar go rai-

bh luch istigh sa teach.

Dúirt Kate léi go bh-
faca sí an luichín ar an mbealach abhaile ón scoil ag us go

raibh sé ag breathnú scan-
raithe agus fuar agus thug sí abhaile é. Bhí Bríd ar

buille agus thóg sí an fón póca uaithi ar feadh seachtaine.

Scéal Rebecca

Chuaigh Bobby suas an staighre ach ní rai-
bh sé in ann tada a fheicéail. Nuair a tháinig sé anu-
as arís bhí an torann fós ann.

Chuaigh sé suas arís ach arís ní rai-
bh tada ann. Bhí an torann ag éirí níos airde. Ch-
uaigh Bríd suas an staighre agus éadan fear-
gach uirthi. “Céard é an torann sin, a Bhobby?”

“Níl a fhios agam,” a dúirt Bobby agus scan-
radh air roimh Bhríd. Stop an torann. Bhí áthas an
domhain ar an mbeirt acu go dtí gur tho-
saigh sé arís ach é níos glórmhaire ná riamh.

Tháinig na gasúir suas staighre.

“Stop an teiifís ag obair agus chas na soilse ar fad thí
os staighre as!” a dúirt

siad.

Faoi dheireadh chuaigh Bobby suas chuig an áiléar -
san áit a raibh an fhuaim ag teacht as.

Cheap Bobby go raibh an fhuin-
neog oscailte agus go raibh an gha-
oth ag bualadh in aghaidh an do-
rais ach bhí an fhuinneog dúnta.

Bhí Bobby ag ceapadh ar feadh nóiméid go raibh tai-
bhse sa teach ach fuair sé greim ar féin agus mhe-

abhraigh sé dó fhéin nach raibh taibhsí fíor.

Céard a bhí ag tarlú?! Bhí an to-
rann níos airde san áiléar ach bhí Bobby trína chéile.

Ansin agus é ag fágáil an áiléir chuala sé torann di-
friúil a bhí an-íseal.

Bhreathn-
aigh sé thart agus amach as cúinne a shúile chona-
ic sé Whiskers an

cat. Nuair a phioc Bobby suas Whiskers, stop an to-
rann.

Séard a tharla ná gur leag Whis-
kers vása agus bhí na píosaí beaga ag bualadh in-
aghaidhnabpíopaíuisceagusbhíantorannsinagdultim-
peall an tí. Séard a tharla leis na soilse agus an teil-
ifís thíos staighre

ná gur thit cuid den vása briste ar an mbosca leic-
treachais agus gearradh amach an chumhacht.

D'inis Bobby do Bhríd agus do na gasúir céard a
tharla agus phléasc chuile dhuine amach ag gáire.

Dheisigh Bobby an bosca leic-
treachais agus chuir sé glas ar dhoras an áiléir.

Bhí chuile rud ceart arís.

Scéal Saise

An Torann

Téann Bobby Mike síos staighre agus deir sé le Bríd nach raibh aon rud ann. Bíonn Bríd níos crosta ag an staid seo agus fágann sí an teach gan tada a rá le Bobby.

Rinne Bobby cupán tae dó féin agus nuair a bhí sé ar tí imeacht chuala sé an torann aríst. Bhí an torann níos láidre agus níos airde an iarraidh seo. Ba chosúil le drumaí nó coiscéimeanna an-láidir é.

Beireann Bobby ar fhriochtán mór len é féin a chosaint agus ritheann sé suas staighre go sciobtha. Pléascann sé tríd an doras agus an t-am seo feiceann sé rud éigin ag rith trasna an halla thuas staighre. Ní bhíonn sé cinnte céard é mar imíonn sé rósciobtha. D'fhéadfadh sé gur duine nó ainmhí é, ach ní cheapann sé gur duine fásta a bhíonn ann mar bíonn an rud róbheag. Ní bhíonn Bobby Mike róchinnte gur b'in í an fhírinne nó bíonn sé á rá sin leis féin le nach mbeadh sé chomh dona. Bíonn Bobby fós an-scanraithe faoi seo ach cuimhníonn sé air féin agus leanann sé i dtreo an ruda a chonaic sé.

Clúdaíonn sé a éadan leis an bhfriochtán agus ar feadh soicind gearr breathnaíonn sé taobh thiar de le súil amháin. Bíonn sé imithe. Bíonn Bobby imníoch faoi seo ach mothaíonn sé faoiseamh ag an am céanna.

Tagann Bríd ar ais agus insíonn Bobby an scéal di. Beireann Bríd ar an bhfriochtán agus stampálann sí suas staighre. “Muna bhfuil tusa in ann é a dhéanamh déanfaidh mise é!” a deir Bríd go míshásta. Pléascann sise isteach i chuile sheomra thuas staighre.

Go tobann feiceann sí rud éigin ag corraí. Siúlann sí go mall i dtreo an chorraí. Ardaíonn sí an friochtán agus dúnann sí a súile agus buaileann sí ina bealach go sciobtha.

“Ow! Céard sa diabhal atá tú ag déanamh?!” arsa glór.

Aithníonn Bríd an glór sin agus osclaíonn sí a súile.

Is é fear céile Bhríd a bhíonn ann! Bíonn iontas ar Bhríd agus deir sí go bhfuil brón uirthi agus tugann sí le fios dó gur cheap sí gur púca a bhí ann.

Rinne sé dearmad a rá léi gur bhog sé a oifig thuas staighre!

Scéal Sophie

Chuaigh sé suas staighre go dtí an áit ar chua-la sé an bang.

Nuair a bhí sé ag doras seomra Bhríd chuala sé an bang arís.

Go han-chúramach d'oscail sé an doras agus ch-uaigh sé isteach.

Nuair a chuaigh sé isteach ann, ní fhaca sé aon rud.

Bhí sé chun casadh timpeall nuair a ch-uala sé BANG eile. Bhí sé ag teacht ón en suite. D'oscail sé doras an en suite go réidh agus céard a bhí an taobh eile den doras ach madra beag Bhríd. Chuaigh sé síos staighre leis an madra agus thaispeáin sé do Bhríd é.

"Seo é a bhí ag déanamh an torainn!" arsa Bobby.

JOIN WRITE CLUB

Write Club is a community of like-minded young people between 13 and 18 years of age from all over Ireland who want to create their own work. Our members write plays, short stories, poetry, screenplays... flash fiction, graphic fiction, novels... spoken word pieces. Anything is possible.

FOR MORE INFORMATION, PLEASE VISIT:
WWW.FIGHTINGWORDS.IE/PROGRAMS/WRITE-CLUB/

FIGHTING WORDS

The write to right.